Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0413(COD)**

12231/18
ADD 1

CODEC 1481
UD 206
ECOFIN 828
CRIMORG 123
DROIPEN 131
EF 238
ENFOCUSTOM 186

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialuithe ar airgead tirim a thagann isteach san Aontas nó a imíonn as agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Faoi Airteagal 53(1) den dréacht-TREOIR (EU) 2018/ … Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an … lena leasaítear Treoir (EU) 2015/849 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE (AMLD5), malartaíonn na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais, go spontáineach nó de dhroim iarrata, aon fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun gur féidir leis an Aonad um Fhaisnéis Airgeadais faisnéis maidir le sciúradh airgid nó le maoiniú sceimhlitheoireachta a phróiseáil nó a anailísiú. Is faoin Aonad um Fhaisnéis Airgeadais a fhágfar an cinneadh maidir le hábharthacht na faisnéise atá le malartú, lena n-áirítear sonraí a gheofar faoin Rialachán atá beartaithe maidir le rialuithe ar airgead tirim. I ndáil leis an méid sin, tugann an Coimisiún le fios, i bhfianaise phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, nach féidir forálacha Airteagal 8 den Rialachán atá beartaithe a léirmhíniú mar ní a dhéanann difear d'fhorálacha an 5ú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid a bheidh ann nó mar ní a chruthaíonn oibleagáid shainordaitheach le haghaidh malartú faisnéise idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais chun críocha an Rialacháin atá beartaithe.

Faoi Airteagal 65(2) den dréacht-TREOIR (EU) 2018/ … Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an … lena leasaítear Treoir (EU) 2015/849 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE (AMLD5), ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an gcreat do chomhar na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais le tríú tíortha agus, ina theannta sin, ar bhacainní agus deiseanna i dtaca le comhar idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais san Aontas a fheabhsú, lena n-áirítear an fhéidearthacht a bhaineann le sásra comhordúcháin agus tacaíochta a bhunú. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú freisin an gá an comhar idir na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais a neartú a thuilleadh.